

Gnéithe den Luibheolas agus den Osnádúr in Iarthar Éireann

Piaras Ó Droighneáin

Herbal medicine has long been employed, and remains popular as an alternative to mainstream medicine. In recent times, the potency of plant-derived compounds has been recognised, and plants are now widely used in the production of pharmaceutical drugs. But a considerable body of evidence in traditional herblore points to an understanding of their efficacy as somehow of supernatural or magical origin. Certain properties associated with some plants, for example, were perceived as otherworldly. This article investigates such beliefs, using archival material and other sources. It also considers the many accounts of wise-women and -men, or herbal doctors, who used herbs as part of their service to their communities. Such figures were often both feared and respected, not least of all for their knowledge of herbs.

Réamhrá

Ta cáil ar leith ar luibheanna sa lá ata inniu ann maidir lena n-éifeacht mar fhoínse leighis, ach is minic, sa seanchas a chuireann síos ar úsáid luibheanna, go leagtar béim ní ba mhó ar chleachtais a bhaineann leis an osnádúr agus le cúrsaí draíochta, ná mar a leagtar ar chumas an phlanda as féin biseach a dhéanamh. Níor scar siad siúd a chleachtaigh an luibheolas an dá ghné sin – an nádúr agus an t-osnádúr – óna chéile; go deimhin, ba mhinic nach bhféadfaí iad a scaradh óna chéile. Feicfimid amach anseo go raibh go leor luibheanna luaite leis an aos sí. B'fhéidir gurbh é ba bhunús leis seo an chaoi gur aithníodh go raibh leigheas nó dochar i luibheanna áirithe thar a chéile, agus seans gur ag iarraidh na tréithe seo a mhíniú, i gcomhthéacs réamheolaíoch, a bhí na tuiscintí sin a tháinig chun cinn i measc na ndaoine a cheangal an luibh go dlúth leis an draíocht agus leis an eileshaol. Díreofar aird san alt seo ar lucht feasa, ar na mná agus ar na fir sin a raibh saineolas ar leith acu i réimse an leigheas tíre, agus é ar a gcumas cumhacht osnádúrtha a ionramháil thrí úsáid luibheanna. Is é béaloideas Chonamara is mó a bheidh faoi chaibidil.

Lucht Feasa agus Leighis

Is léir gur creideadh go forleathan sa tseanaimsir go raibh bua feasa agus leighis ag daoine áirithe, agus go raibh luibheanna luaite leis an mbua seo chomh maith. Thugtaí ‘cailleach feasa’ nó ‘cailleach luibheanna’ go minic ar bhean a raibh an t-eolas rúndiamhrach seo aici. Bhí cáil faoi leith ar Chailleach an Chlocháin i gConamara:

Bhí bean ina cúnaidhe i mbaile mór an Chlocháin, go dtí le dhá scór blianta ó shin. Bhíodh an bhean sin a’ baint fios as luibheanna, agus bhí tóir mór ag muintir Chonamara ar a cuid feasa, agus thagaidís as gach ceárd ga Chonamara ag iarraidh fios uirthé faoi go leor rudaí. Cé go bhfuil an Clochán leith-chéad míle ón áit seo theigheach daoine as an áit seo go dtí ‘bean na luibhe’ ag iarraidh eolais ar ghraithe a bhain lób fhéin (CBÉ 641:267).

Deir Micheál Ó Curraoin:

Ba ghnáthghnás é comhairle a ghlacadh faoi shuíomh thógáil tí sa dúiche úd in iarthar Chontae na Gaillimhe. Cé go bhfuil trácht air go raibh fir i measc na gcomhairleoirí seo, ba iad na mná ba chéimiúla agus orthusan thugtaí cailleacha. Ba dhream iad seo i gConamara a raibh eolas domhain acu ar luibheanna a dtimpeallachta agus iad in ann a gcumhachtaí a ionramháil tríothú (Ó Curraoin 1993, 18).

Chreid go leor, áfach, go raibh cumhacht níos láidre ná bua tairngreachta ag an lucht feasa seo, agus go raibh siad in ann duine a leigheas nó a chur chun báis le cumhacht draíochtúil, cumhacht a bhí ag brath go mór ar na luibheanna:

Bhíoch sean-mhrá fadó ó shin a dtugtaí ‘Cailleacha Feasa’ orthú. Cailleach Feasa: budh sin bean a d’oibrigheach deabhalaidheacht. Dá mbudh mhath leis a’ gCailleach feasa duine abhíoch tinn a leigheas, bhíodh sé go fhaisin eicí a dhul amach ar maidin roimh eighrí gréine agus luibheanna a bhaint agus ní chrochadh sí ceann nú go mbíoch an luibh bainte eicí. Cébra céard a d’fheictheadh sí – duine ná beithidheach – nuair a chrochthadh sí ‘ceann, léis a’ luibh a bheith bainte eicí, geobhthach a duine nú an beithidheach sin bás agus leigheasfaí an té a bhíoch tinn. Bhí cuid mhath go na cailleacha feasa sin i gConamara, blianta ó shin agus deirtear go ro cúpla duine acu sa gCeathramhain Ruaidh suas go dtí scór blianta ó shin, agus tá

cúpla bean acu fós a oibrigheanns deabhalaidheacht gon tsórt sin i gceantar Ros Muc (CBÉ 607(2):69-70).

Úsáideann an seanchaí thuas an focal ‘deabhalaidheacht’ le cur síos ar mhodhanna oibre na mban feasa, agus is dóigh go léiríonn sé seo meon na Críostaíochta ‘oifigiúil’ ina leith. Chothaigh sé seo teannas idir an dá thaobh. Is iomaí scéal sa bhéaloideas a chuireann síos ar choimhlint nó argóint éigin a bheith ag éirí idir bean nó fear feasa agus sagart:

While traditional narrative portrays the Christian cleric’s view of the wise-woman as being a kind of witch-figure, and likely to be malevolent in intention and in action, the traditional narratives portray this as a mistaken view; there are many accounts of the priest being forced to learn by experience the power of the wise-woman in operation and that she was not his enemy (theologically or morally) even if she was his rival in respect of her role as mediator to the community of the knowledge and power of the ancestral otherworld that was part of the alternative cosmology to that of Christianity, in ancestral narrative tradition (Ó Cruaíoch 2003, 206).

Tá cuntas an-spéisiúil tugtha sa phíosa thuas ón gCeathrú Rua ar an modh oibre a bhíodh ag lucht feasa agus iad ag baint na luibheanna. Tugtar le fios go gcaithfeadh duine nó ainmhí bás a fháil sula leigheasfaí an té a bhí tinn, an chéad duine (nó ainmhí) a d’fheicfeadh an bhean nó an fear feasa tar éis baint na luibhe de ghnáth:

Bhí corr dhuine thart; mrá, ’bhfuil ’ios a’d, a dtugaidís mrá feasa orthab. Bhí go leor daoine a’ creideamhaint ionntab ... bhí duine acab a dtugaidís Bríd Nell Óg uirthé, agus ‘Cailleach na hÁirde Móire,’ a thiúbhradh daoine eile uirthé. As an Áird Mhóir, tao’ thiar go Chill Chiaráin a bhí sí na comhnuidh. Bhídís a’ baint luibheannaí annsin. Well, daoine a mbeadh bó leothab tinn, nó duine a bheadh tinn, duine sa gculódar a bheith go dona, theigh’dís chomh fada leothab. Nuair a bhídís a’ baint na luibheannaí seo annsin, bhíodh siad cromtha síos á mbaint as dáta, agus nuair a d’ardóidís a gcloigeann, rud a’ bith a d’fheicfeadh siad, duine ná beithidheach,

bhí sé ráidhte go mbeadh sé sin cuirte go leah-taobh acab, sé sin cuirte go'n saoghal (CBÉ 1546:253-54).

Ní nach ionadh, bhíodh inní ar chomharsana lucht feasa go bhfulaingeoídís féin an pionós:

Deirtear freisin thar éis bainte na luibhe den mhnaoi an chéad rud beo a d'fheiceadh sí ar ardú a cinn dhí go mbeadh sé sin básuighthe lár na bhárach, fiú dhá mba duine, beithidheach nó éan é, mar sin ní hiongnadh go mbíodh na cómharsannaí annsin ar buile leis na stráinnsearaí agus go minic nach bhfhágghaidh aon eolas uatha cia an áit a raibh an mhnaoi ag cómhnu (CBÉ 601:289).

Deir daoine go raibh cosaint amháin air seo, an bhean feasa a fheiceáil agus tosú ag eascainí uirthi:

Ó bhíodar ann agus neart acu, agus san oíche is mó a bhídís luaineach ... Níl sí in ann dada a dhéanamh nuair a éireoidh an ghrian. Ach deirtear linn dá n-éireodh le duine í a fheiceáil, nó í a aireachtáil, agus rabharta eascainí a chur ina diaidh ... Agus bhuaile cuid mhaith de na daoine í freisin, agus bhí sé de cháil uirthi go raibh sí in ann an bhó nó an laoi nó an t-eallach, ceann ar bith den eallach, a leagan agus mura leagfadh, leagfadh sí an t-úinéara. Ach dá n-éireodh leis í a fheiceáil nó í a bhualadh mar a dúirt mé agus a bheith ag eascainí uirthi, ní oibreodh a cuid asarlaíochta chomh maith, agus bhíodh daoine ag faire amach dóibh agus bhíodh a fhios acu cá mbídís. Bhí ceann anois thoir ... anseo thoir, nuair a bhíodh na daoine ag dul ar an aonach fadó, ar aonach na Gaillimhe, chaithidís dul ann luath nuair a bhídís ag ceannacht bainbh, mar théidís ann le carranna, agus mar sin, leis na bainbh a thabhairt abhaile. Agus ansin stopadh an capall – bhí an capall thar cionn le iad a thabhairt faoi deara, agus nuair a stopadh an capall bhí a fhios ag na daoine go raibh sí thart, agus ansin thosnódh siad ag eascainí uirthi, agus ansin ritheadh sí (agallamh le T. S. Ó Flaithearta, 2009).

De réir cuntais a roinn mo sheanmháthair, Máire Bean Uí Chúláin, liom ar eachtra a tharla sa mbaile fearainn inar tógadh í, níor ghá don bhean feasa féin an luibh a phiocadh i gcásanna áirithe. Dhein sí cur síos dom ar sheanbhean a raibh cónaí uirthi i dteach áirithe, agus a raibh a mac, a bheansan agus a gclann ina gcónaí sa teach céanna.

Bhuail tinneas an mac agus chuaigh a shláinte in olcas. Thug an dochtúir le fios go raibh sé ar leaba a bháis. An oíche seo chuir an tseanbhean fios ar chlann a mic agus thug sí buicéad dóibh agus dúirt leo a dhul amach sa ngarraí agus gach luibh a chasfaí orthu a phiocadh agus a chur sa mbuicéad. Ní raibh sí féin in ann iad a bhaint mar gur ar éigean a bhí sí in ann siúl. Tugadh an buicéad chuici agus dúirt sí leis an líon tí a dhul suas a chodladh agus fanacht ansin go nglaofadh sí orthu an mhaidin dar gcionn. Chuir sí fainic orthu gan corraí go gcuirfeadh sí fios orthu. Chuadar a chodladh agus deir Bean Uí Chúláin gur dóigh go ndeachaigh an tseanbhean ag piocadh amach na luibheanna a bhí uaithi agus ag paidreáil ós a gcionn. Thagadh comharsanaí isteach go minic ag fiafraí faoina mac, agus bhí súil aici gur duine acu sin a thiocfadh an mhaidin dar gcionn, gurb é a d'fheicfeadh sí agus go ngheobhadh seisean bás in áit a mic agus go dtiocfadh biseach airsean.

Buaileadh cnag ar an doras ar maidin agus ghlaoih an tseanbhean isteach ar an té a bhí amuigh. Cé a bheadh ann ach mac eile léi, fear a bhí ina chónaí i bhfad ón áit agus nach raibh aon tsúil aici lena fheiceáil. Nuair a chonaic sí céard a bhí déanta lig sí scread uafásach aisti a cloiseadh i bhfad is i ngearr, agus níorbh fhada go raibh an scéal go léir ar fud an bhaile. Ní róbhúioch a bhí cuid de na comharsana den tseanbhean. Ón lá sin amach thosaigh biseach ag teacht ar an mac a bhí tinn, agus tar éis roinnt seachtainí nó míonna bhí sé ar a sheanléim arís. Cailleadh taobh istigh de bhliain an mac a tháinig ag an doras an mhaidin sin.

Deir Máire liom, freisin, gur chuir an tseanbhean chéanna sin scéal amach agus í ar leaba an bháis go raibh sí sásta a gifte a fhágáil ag aon bhean óg ar an mbaile a bheadh á iarraidh, ach bhí an iomarca faitís ar dhaoine a theacht go dtí í, agus cailleadh í gan an cheird a mhúineadh d'aon duine eile. Ní foláir nó gur cailleadh go leor eolais ar an dóigh seo. Ag labhairt dó sa naoú haois déag, deir James Mooney faoin mbua leighis: 'the secret is jealously guarded – even by the mother from her child – and only revealed upon the deathbed, to some one of the family who, at the same time, is pledged to silence (1887, 138).

Baint agus Bruith

Seo a leanas cuntas ar an gcaoi a bhaintí na luibheanna, ó fhear a chonaic an beart sin á dhéanamh. Cé nach bhfuil aon deimhniú againn air, is cosúil gurb í an Lus Chré atá i gceist anseo, ach go dtugann an seanchaí an ‘ros cré’ ar an luibh.¹

Chonnaic mise agus S.Ph. agus M.B. D. a’ baint luibheannaí – an ros cré – an luibh is fearr ar bith – chonnaic muid – thíos chois a’ chladaigh. Bhí an ghrian a’ guil faoi. Bhí sé ar a dhá ghlúin agus a chaipín bainte dhe, agus é a’ paidreáil. Chuir sé páipéar thimpeall ar a luibh. Dhá baint go dhuine eicint a bhí sé. Chaithfí í a bhruth ar leamhnacht, agus í a thabhairt le n-ól annsin go’n duine a bheadh tinn. Ní thiocfadh sé féin i ngoire an té a bheadh tinn; thiubhradh sé do dhuine go’n teach í. Bhíodh sé a’ baint airgid agus bearraidheacha amach mar sin ... Deir siad pébrí cé’n chéad rud a d’fheicfeadh an té a bheadh a’ baint luibheannaí – duine nó bó, nó an ‘magpie’ féin – go gcáillthí an rud sin – gu’b é a chuirfeadh sé i n-áit a’ duine a bheadh sé a’ leigheas (Ó Cadhain 1935, 239).

Tá sé le tuiscint anseo go dtugtaí an luibh do dhuine éigin bainteach leis an othar le tabhairt abhaile chuige. Ba mhinic a mholtaí an luibh a chur ag fiuchadh ar bhainne (leamhnacht a luaitear sa chuntas thuas), leis an leigheas a oibriú. Díol suime freisin an píosa seo:

Deirtear nuair a chuirteí an luibh ag fiuchadh dhá dtéigheadh sí timtheall deiseall go leigheaseochadh sí an duine tinn agus dá dteigheadh sí timtheall tuadhbheall go bhfuigheadh an duine tinn bás (CBÉ 601:289).

Bhí sé de gheasa ar lucht bainte na luibheanna gan breathnú siar agus iad i mbun na hoibre. I gcuntas a roinn Máirtín Beag Ó Cadhain lena nia agus a chomhainmneach cáiliúil, deir sé gur thosaigh sé féin agus a chara ag caitheamh clocha le ‘D.’ agus é ag piocadh luibhe:

Chaith muid leis anios as an gcladach, agus bhí muid a’ baint aithinniúchaí as an gclaidhe lé n-a chúl, ach ní chorróch sé ’na dheidh sin. Nuair a d’éirigh sé níor bhreathna sé amháin sa taobh a ro’ muid (Ó Cadhain 1935, 239).

Is léir go raibh an-mhisneach ag an mbeirt a chuaigh ag caitheamh cloch. B'fhéidir gurb é an t-údar nár bhreathnaigh fear na luibheanna siar ná go raibh duine nó ainmhí áirithe ar intinn aige le sciobadh den tsaol. Tá cruthúnas áirithe sa phíosá seo thíos gur seangheis ársa ab ea an cosc seo ar bhreathnú siar:

The Druids, also, use a certain marsh-plant that they call *samolus*, this must be gathered with the left hand, when fasting, and is a charm against the diseases of cattle. But the gatherer must not look behind him, nor lay the plant anywhere except in the drinking-troughs (Kendrick 2003, 89).

Aistriúchán é sin ar phíosá a scríobh an fealsúnaí agus fear míleata Rómhánach, Pliny, thart ar an mbliain 77A.D. Ba iad 'Ceiltigh' na Fraince a bhí faoi chaibidil aige. Díol mór spéise é an chaoi gur mhair nósmaireacht agus tuiscintí a bhí an-chosúil leis an méid seo thuas in Éirinn go dtí an 20ú haois, agus is cruthúnas é ar bhunús págánach an chineáil seo draíochta.

Díol suntais freisin é ainm na luibhe féin, *samolus*, sa mhéid is go bhfuil an mhír 'lus' le sonrú ina dheireadh. B'fhéidir, fiú amháin, gurb é an Slánlus atá i gceist, luibh atá luaite mar leigheas ar ghalair bó sa tír seo le fada an lá (Williams 1993, 164). Luaigh Pliny gur cheart an *samolus* a bhaint leis an lámh chlé, agus tugtar faoi deara go bhfuil an lámh chlé luaite chomh maith sa phíosá seo thíos ó bhéaloideas Chonamara:

Tá daoine ann atá in-ann daoine a chur chun báis ach luibh éicint a chur ar an gciotóg agus í shíneadh i dtreo an duine agus é chur in-ainm an diabhaíl (CBÉ 90:90).

Díol spéise é an tuiscint seo i dtaobh na ciotóige. Dar ndóigh bhí an taobh clé luaite go láidir le fórsaí an oilc agus an mhí-áidh. 'Left-handed; awkward, sinister, wicked' atá i bhfoclóir Uí Dhuinnín faoin iontráil, 'clé'. Ba í an deasóg an taobh 'ceart', taobh agus treo an tsolais agus na gréine. Bhí an chiotóg luaite i gcónaí le dorchadas agus le dochar.²

Lucht Feasa agus na Sióga

Ní féidir labhairt ar luibheanna gan tagairt a dhéanamh don slua sí, agus don chumhacht osnádúrtha a measadh a bhí ag baint leo. Sa scéal seo thíos déantar tagairt don ‘sluagh sídhe’ agus tugtar le fios go raibh an bhean feasa in ann comhairle a thabhairt ina leith, sa chaoi is go mbeadh daoine saolta in ann an teagmháil leo a sheachaint:

Go minic, dhá mbioch fear san áit seo a bhíoch a gol a diana teach nua nua a dianú sciobóil ní thosóthadh sé leis an obair nua go dteigheadh sé go dtí ‘bean na luibhe’ sa gClochán, le fios a fháil uaithe cén áit budh cheart dó an teach a dheanú; ar cheart dó é a dheanú san áit a bhí sé a gol á dhéanú nua é a dheanú in áit eile. Mar bhí daoine san am sin a cheap go mb’fhéidir go mbíoch an teach sin sa mbealach ar an slugh sídhe, nua go mbíoch mí-ádh ar an áit ... Chomh maith leis sin bhíoch daoine a mbíoch a gcuid stoic a’ fáil bháis a gol go dtí í seo le fios a fháil cén fáth an mí-ádh a bheith ar a gcuid stoic: is iondúil go n-inseodh sí dhóibh nach raibh an scioból in áit ceart agus é a athrú. Mar gheall air sin bhíoch daoine a’ tíocht i bhfad agus i ngearr le fios ar rud áithrid a fháil (CBÉ 641:267).

Tugtar léargas breise, sa sliocht seo a leanas, ar an gcaoi ar creideadh go raibh mioneolas ag Cailleach an Chlocháin ar imeachtaí na sióga, agus í in ann comhairle a chur ar dhaoine saolta dá réir. Ínsítear, anseo, eachtra a bhain d’uncail an tseanchaí. Bhí sé ag tuíodóireacht lá agus thóg sé clár agus bhuaíl sé ‘anuas ar an mbun-tsop’ é agus mharaigh sé luch. D’éirigh le luch eile éalú. Tamall ina dhiaidh sin thit an fear agus gortaíodh é, agus ní raibh aon bhiseach ag teacht air le himeacht ama:

Acht chuaidh siar go dtí Cailleach an Chlocháin. Bhí siad a radh go raibh fios aici. Acht dubhairt sí leób gur ceann dá gcuid capaill bán féin a mharbhúigh sé, agus a deir sí, ‘tá capall bán eile agus cárr acab agus tá siad a faghail a ndóthain antró a’ teacht aníos an t-árd atá ag tóin an tigha agaibh. Farsingí an bóthar agus ní bheidh aon dochar déanta.’ Acht d’fharsinge siad an casán a bhí ag tóin an tigha agus níor fhan blas ar Mháirtín. Dubhairt an Chailleach feasa leób nar cheart blas ar bith a dhéanamh ar ainmhidhe cheithre gcos ar bith a bheadh a teacht timpeall a’ tigha (CBÉ 461:287-89).

Tá scéal eile ag Éamon a Búrc i dtaobh Chailleach an Chlocháin a dheimhníonn a cuid eolais ar na síoga agus an dlúthbhaint a bhí aici leo de réir an tseanchais. Is cosúil go raibh fear óg tinn agus chuaigh a mháthair chuig an gCailleach chun comhairle a fháil:

‘Tá a fhios agam go maith,’ a deir Bean na Luibhe, ‘cá bhfuil tú ag dul. Tá do mhac go dona agus mar gheall air a tháinig tú agus tá sé ina luí ar an leaba sa mbaile agat. Agus is iad an mhuintir sin againne,’ a deir Bean na Luibhe, ‘atá ag plé leis’ (Ó Ceannabháin 1983, 299).

Díol suntais gurb é ‘an mhuintir sin againne’ a thugann sí ar na síoga. Ar leasainm ar nós ‘na daoine maithe’ a bhí i gceist anseo? Nó an bhfuil an bhrí níos soiléire – is é sin gurb iad a muintir féin na síoga, agus go mbíodh sí ar siúl leo? Is minic na daoine maithe luaite mar fhoinsé na mbuanna a bhí ag lucht feasa:

Bhoil bhí fear ina chónaí insan áit seo fadó i mbaile darb ainm Bogha Bhrocháin. ‘Sé an t-ainm a bhí ar an bhfear Mícheál Ó Loideáin. Agus is minic a chloisinn m’athair a’ cur síos air ... Bhí sé in ann duine a leigheas agus bhí sé in ann duine a chuir ‘un báis. Agus deir siad gur ar a bhealach a’ tíocht as Uachtar Árd ó aonach sa tseanaimsir, bhí braon ólta aige agus chodail sé amuigh san oiche sa sliabh. Agus deir siad go raibh an gifte faighte ar maidin lá’r na mhárach aige ... Ach sé an áit a bhfuair sé an gifte ar an sliabh hébí cé’n chaoi a bhfuair sé é. Agus chuala mé na sean daoinidh a’ cur síos air, ‘sé an t-ainm a thugaidís ar an gcaoi a bhfuair sé an gifte sin, lionnán a bhí ar an rud a bhfuair sé an gifte uaidh nó hébe cén sórt spirid é fhéin (CBÉ 1630:47; 51).

De réir fhoclóirí Uí Dhónaill agus an Duinnínigh araon is leagan canúnach é ‘lionnán’ den fhocal ‘leannán’ agus is cosúil gur ‘leannán sí’ atá i gceist sa chás seo. Bhí sé ráite sa bhéaloideas go raibh an leannán seo in ann cúnamh a thabhairt don té a mbíodh sí ina chuideachta. Deir Gearóid Ó Cruaíoch (2003) gur tuairiscíodh go mbíodh leannán sí le feiceáil i gcuideachta na mná feasa, Eibhlín Ní Ghuinníola, as Baile Bhoithín, agus í ag baint luibheanna.

Tá scéal eile ann maidir leis an mbean feasa cailiúil úd, Bidy Early, agus ar an gcaoi a bhfuair sise a bua chun leighis:

It is not certain how Bidy Early got her magic, but it is said that her son Seán was returning from his *cúaird*, when he met a crowd of fairies who were hurling. They were one man missing, they asked him to hurl, and he did so and his side won. As a reward they gave him a magic bottle which he was to give to his mother. With this she could cure all diseases (Schmitz 1977, 172).

Deir Ó Crualaoich freisin i dtaobh scéalta ó Chontae Chorcaí a d'fhiosraigh sé :

In eight of the County Cork stories it is unequivocally stated that travel with the fairy host is the means whereby the wise-woman comes by her extraordinary knowledge (Ó Crualaoich 2005, 42).

Bhí na tuiscintí céanna le fáil i gCo. na Gaillimhe. Sa chuntas seo a leanas, a bhailigh Máirtín Ó Cadhain, fir feasa a bhíonn ag imeacht 'in éineacht leis an slua sí'. Is spéisiúil gur 'eolas faoi luibheanna' a thugtar mar luach saothair don duine saolta:

Bhíodh D. agus S.Bh. agus iad sin ag imeacht i n-éinfheacht leis an sluaigh sidhe. Nuair a thagadh an sluaigh sidhe le duine a thabhairt leób, chaithfeadh an fear saolta a bheith i n-éindigh leób, nó ní fhiadfaidís an duine a thabhairt leób. Chaithfeadh an duine saolta láimh a leagan air. D'fhágadh an sluaigh sidhe fios agus eolus faoi 'luibheanna' annsin ag an dream a thugadh congnámh mar sin dób (Ó Cadhain 1935, 240).

An Luibh mar Neach Mothaitheach

Sa leabhar *Peadar Chois Fhairrge*, déantar tagairt do luibh, an Athair Thalún, a bhfuil sé ráite fúithi go bhféadfadh sí éalú ó dhuine:

'Cailín báire atá innte. Is maith an aire a thiubhras tú dí nó imtheochaidh sí uait' (Mac Giollarnáth 1934, 80).

Tugtar léargas níos fearr fós ar an dtuiscint aisteach seo go mbíodh an luibh ag iarraidh éalú i scéal eile ón dúthaigh chéanna sin, mar a ndéantar cur síos ar fhear áirithe, 'Stout', a fágadh balbh tar éis dó casadh leis an slua sí, agus é amuigh go déanach oíche amháin.

Chuaigh a bhean ag triall ar leigheas dó go dtí Cailleach an Chlocháin:

Nuair a tháinig sí isteach chuig Cailleach na gClocháin [*sic*] bhí an chailleach roimpi ar an teallach. ‘Á fáilte an diabhair agus an deamhain romhat, a chaillí’ a deir bean na gClocháin. ‘Tá fhios agamsa,’ a deir sí, ‘cá bhfuil tú ag dul anois agus níl aon mhaith dhuit ann.’ Bhí leathphionta fuisce ina brollach. Ach thosaigh siad nuair a bhí scathamh istigh thosaigh siad ag ól an fuisce agus creidim go sceitheann measce mí-rún. Dúirt an chailleach go mb’fhéidir go ndéanfadh sí aon mhaith dhi anois nuair a bhí an fuisce ólta. ‘Agus’ a deir sí, ‘ba dona an chaint a dúirt tú leis’ a deir sí, ‘an oíche ar tháinig sé ar an teallach chugat. Séard a dúirt tú leis’ a deir sí ‘Fáilte an diabhair agus an deamhain romhat i leaba goirim agus coisricim a rá leis.’ Ach chuaigh sí ag baint an luibh agus thug sí isteach an luibh. ‘Seo dhuit anois,’ a deir sí ‘agus tabhair aire mhaith dhi. Tabhair aire mhaith dhi’ a deir sí ‘go dté tú abhaile agus gheobhaidh tú ar an teallach romhat anois é’ a deir sí ‘agus a bháinín ar a bhráid ach a dté tú abhaile.’ Ar ndóigh ní raibh aon mheas aici ar Chailleach na gClocháin go raibh fios aici go raibh an báinín ar a bhráid. Ach trí huair a shíl an luibh imeacht as a láimh agus í ag teacht ar an mbealach. Ach bhí sí ag teacht go deo gur tháinig sí go Cnoc na Gréine agus fuair sí *Stout* agus a bháinín air mar dúirt an tseanbhean léi ar an teallach agus a chuid cainte aige chomh maith agus a bhí sé riamh (Ó Curraoin 2000, 157-58).

Ní thugtar ainm na luibhe sa scéal seo, agus níl aon deimhniú againn gurb í an Athair Thalún a bhí i gceist, ‘cailín báire’ Pheadair Chois Fharraige, ach tá an dealramh ar an scéal gurb ea. Díol suntais is ea an chaoi nár tugadh an luibh don Churraoineach. Bhí an leigheas san aistear agus an luibh ar iompar, is cosúil.

Céard is bunús leis an tuiscint seo go mbeadh an luibh ag iarraidh éalú? B’fhéidir gur creideadh go raibh spiorad bheo éigin sa luibh féin. Nuair a bhíodh an Ghairleóg á baint, cuir i gcás, bhí sé de nós ag daoine labhairt léi: ‘má ghoideann tú í níl aon mhaith innti’ a deir Ó Cadhain. ‘Má chaitheann duine í ghoid, abair: “ní go do ghoid atá mé, a gháirleóg, ach go do tharlú liom!”’ (1935, 234-35). Tá fianaise le fáil i gcultúir eile gur breathnaíodh ar an luibh mar neach beo a raibh pearsantacht dá cuid féin aici. Sa mhír seo a leanas, a mheabhraíonn anamachas Tylor (1871) dúinn, déantar plé

ar na tréithe sin i gcomhthéacs ‘Santería’, nó ‘La Regla de Lucumí’, creideamh a chleachtaítear i Cuba agus i measc phobail imirceach áirithe i Meiriceá Thuaidh, ach a bhfuil bunús Afracach aige:

The Lucumí term for plants, herbs, and weeds is *egwe*. They help human beings through *ache* that makes them alive with divine power. All plants are thinking entities; all have personality and temperament, requiring rituals to entice them to give up their power. Some are frightened easily and withhold their powers by refusing to bloom. Others are shy and retiring. Yet others have explosive personalities, requiring great etiquette and respect before being picked. The powers of plants fluctuate over the course of the day, resting at night but enlivened by morning ... All must be gathered properly with prayers and token payment. Wild egwes possess the greatest power for healing (Jones et al. 2001, 60).

Arís ar ais, áfach, tá fianaise ann gurb iad an aos sí is cúis leis na tuiscintí seo gur neach beo a bhí sa luibh in Éirinn. Tá go leor fianaise sa bhéaloideas go gcuirtí an tóir ar an té a bhaineadh luibh nó an té a thugtaí luibh dó:

Le linn na seandaoine nuair a theagadh tinneas trom ar dhuine ar bith den chomhlúadar sé an chéad rud a ghníthí ná duine eicint as an teach a dhul go dtí duine éigin a mbeadh eolas aige nó aice ar bhaint na luibheanna chun luibh a bhaint dó. An duine a théigheadh i gcóir na luibhe bhíodh air a bheith an-chúramach agus gach a ndeireadh an mhnaoi feasa leis a chomhlíonadh mar go mbíodh na sidheóga ar a ndithcheall ag iarraidh an luibh a bhaint dhó. Arnó b’fhéidir nach mbídís le feiceál acht deirtear gur hanamh a théightí ag iarraidh na luibhe gan a dhul thrí thrioblóid agus anró sul má bhíodh sí slán sábhailte istigh sa mbaile. Go deimhin théigheadh beirt ina coinne formhór na h-aimsire mar gheall ar seo (CBÉ 601:285).

Agus é ag tagairt do chomhairle mná feasa i scéal cosúil leis na cinn atá pléite thuas, deir Gearóid Ó Crualaoich an méid seo faoi chumhacht bheo na luibhe:

The young man to whom she hands it [i.e. an luibh] is told to ‘close your fist on that plant’ as if it is not to be gazed on by other eyes or, perhaps, because it is ‘alive’ – charged with the vitality of a cosmic

energy that is normally not apparent to people but that is ready for release at the wise healer's discretion and has to be contained carefully in its passage to the sick person's drink (Ó Cruaíoch 2003, 190).

Bhí sé ráite freisin go mbítí ag iarraidh caint a bhaint as an té a raibh an luibh ar iompar aige nó aici mar go gcuirfeadh sé sin an leigheas ar ceal:

Ba mhinic a deireadh an mhnaoi agus í tabhairt na luibhe don duine gan aon fhocal cainnte a labhairt nó go mbeadh an luibh bruighte aige. Deirtear an t-am sin go mbíodh a lán daoine ag teacht roimh an té ag iarraidh a bheith 'baint chainnte as. Tá sé ráidhte go mba iad na sidheóga a bhíodh ag cur na ndaoine seo rómpa, ionnas dhá labhruigheadh seo nach mbeadh aon mhaith ins an luibh (CBÉ 601:290).

Ó tharla mar sin go mbíodh na síoga sa tóir orthu siúd a bhí ag baint luibheanna, d'fhéadfadh sé gur cumhacht shíúil ba bhonn do na scéalta sin faoin luibh a bhí ag iarraidh éalú. Tá an fhianaise ó chultúir eile go raibh 'pearsantacht' ag luibheanna an-spéisiúil freisin, agus is cinnte gurbh fhiú níos mó taighde a dhéanamh ar an gceist.

Conclúid

Tá fianaise chuimsitheach sa mhéid seo thuas ar thábhacht mhór na luibheanna i gcúrsaí leighis agus draíochta go traidisiúnta in Éirinn, agus tá cruthúnas áirithe ann ar an dlúthbhaint a bhí acu leis an osnádúr i súile na ndaoine. Tuigeadh go raibh eolas thar an gcoitiantacht ag lucht feasa, iad siúd a bhíodh i mbun na luibheanna, agus measadh, uaireanta, gur diabhláocht a bhí i gceist leis an obair. Bhí an bhean nó an fear feasa mar a bheadh idirghabhálaí ann idir an saol seo agus an saol eile agus iad in ann leas a bhaint as luibheanna ar bhealaí draíochtúla le leigheas a aimsiú, le dochar a dhéanamh, nó le teacht ar eolas os cionn nádúir. I ndeireadh na dála bhí baint ag luibheanna leis an saol eile agus iad in ann radharc a thabhairt ar an saol sin ar bhealaí éagsúla. Mhair tuiscintí agus nósmaireacht den chineál seo go forleathan go dtí deireanach go leor san fhichiú haois, agus táimid go mór faoi chomaoin ag na bailitheoirí béaloidis a

chruinnigh an t-eolas nuair a bhí sé fós ina dhlúthchuid de shaol an phobail.

Nótaí

¹ Léiríonn Brian Ó Curnáin, ina staidéar cuimsitheach ar Ghaeilge Iorras Aithneach, gur minic ‘l’ agus ‘r’ á n-úsáid go malartach i nGaeilge Chonamara. Féach Ó Curnáin 2007, 223; 270.

² Faightear léiriú eile ar an dearcadh diúltach seo i dtaobh na ciotóige i gcúrsaí amhránaíochta, leis. Ar Oileán Thoraigh, mar shampla, má théann duine amú agus é ag gabháil fhoinn, nó má dhéanann sé botún de shaghas éigin, deirtear go bhfuil an t-amhrán ‘ciotach’ aige. Féach Ó Laoire 2005, 94.

Tagairtí

- Jones, Michael Owen, Patrick A. Polk, Ysamur Flores-Peña and Roberta J. Evanchuk 2001. ‘Invisible Hospitals: Botánicas in Ethnic Health Care.’ In *Healing Logics: Culture and Medicine in Modern Health Belief Systems*, arna chur in eagar ag Erika Brady, 39-87. Logan: Utah State University Press.
- Kendrick, T.D. 2003. *Druids and Druidism*. New York: Dover Publications Inc.
- Mac Giollarnáth, Seán (eag.). 1934. *Peadar Chois Fhairrge: Scéalta Nua agus Seanscéalta d’Innis Peadar Mac Thuathaláin nach Maireann*. Baile Átha Cliath: Muintir Chathail, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.
- Mooney, James. 1887. ‘The Medical Mythology of Ireland.’ *Proceedings of the American Philosophical Society* 24 (125): 136-66.
- Ó Cadhain, Máirtín. 1935. ‘Cnuasach ó Chois-Fhairrge.’ *Béaloides* 5 (2): 219-72.
- Ó Ceannabháin, Peadar (eag.). 1983. *Éamon a Búrc: Scéalta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomar Tta.
- Ó Cruaíoch, Gearóid. 2005. ‘Reading the Bean Feasa.’ *Folklore* 116 (1): 37-50.
- _____. 2003. *The Book of the Cailleach: Stories of the Wise-woman Healer*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí.

- Ó Curraoin, Micheál. 1993. 'Tá Taobh den Chlaí Níos Ádhmaire ná a Chéile.' *Sinsear* 7: 16-21.
- Ó Curraoin, Seán. 2000. *Iascairín Chloch na Cora: Scéalta agus Seanchas ó Bhearna agus na Forbacha*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Curnáin, Brian. 2007. *The Irish of Iorras Aithneach, Co. Galway*. Dún Dealgan: Dundalgan Press.
- Ó Dónaill, Niall. 2005. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ó Laoire, Lillis. 2002. *Ar Chreag i Lár na Farraige*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Rudgley, Richard. 1999. *The Encyclopaedia of Psychoactive Substances*. London: Abacus.
- Schmitz, Nancy. 1977. 'An Irish Wise Woman: Fact and Legend.' *Journal of the Folklore Institute* 14: 169-79.
- Tylor, Edward B. 1871. *Primitive Culture: Researches into the Development of Mythology, Philosophy, Religion, Art, and Custom*, Iml. 1. London: John Murray.
- Uí Churraoin, Máire agus Ó Gráinne, Diarmuid. 1995. *Máire Phatch Mhóir Uí Churraoin: A Scéal Féin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ua Duinnín, Pádraig. 1996 [1934]. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. Baile Átha Cliath: Cumann na Scríbeann nGaedhilge.
- Williams, Nicholas. 1993. *Díolaim Luibheanna*. Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh.

Agallaimh

- Agallamh le Tom Sailí Ó Flaithearta, aisteoir, ina theach cónaithe féin, Ros an Mhíl, ar 12 Lúnasa 2009.
- Agallamh le Máire Bean Uí Chúláin, bean tí, ina teach cónaithe féin i gCor na Rón, Indreabhán, ar 16 Deireadh Fómhair 2010.

Sleachta as Cnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ)

- CBÉ 641:267; Máirtín 'ac Anaola (73), Paróiste an Chnoic, Cois Fharraige, Co. na Gaillimhe. Ní fios cé a bhailigh, 1939.

- CBÉ 607(2):69-70; Níor luadh ainm/aois an tseanchaí. An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Brian Mac Lochlainn, 1938.
- CBÉ 1546:253-54; Colm Ó hUigín (68), fear oibre, Leitir Calaidh, Gaillimh. Bailitheoir: Ciarán Bairéad, Meithimh 1958.
- CBÉ 601:289; Seán Ó Cúláin (67), feirmeoir, An Teach Mór, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Bairbre Ní Fhualáin, Márta 1939.
- CBÉ 90:90; Peig Ní Ráinne (56), Leitir Mucu, Casla, Co. na Gaillimhe. Ní fios cé a bhailigh, 1928.
- CBÉ 461:287-89; Mícheál Ó Fualáin, (66), Feirmeoir, Leitir Caladh, Conamara, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Eibhlín Uí Siondúin, Bealtaine 1938.
- CBÉ 1630:47 & 51; Mícheál Breathnach (60), Feirmeoir, Gleann Mhic Muireann, Paróiste an Chnoic, Gaillimh. Bailitheoir: Proinnsias De Búrca, Feabhra 1962.
- CBÉ 1633:45; Colm Ó Cúláin (59), iascaire, Carna, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Proinnsias De Búrca, Iúil 1963.
- CBÉ 76:70; eolas a bailíodh i gceantar an Spidéil, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Seán Mac Giollarnáth, 1932.
- CBÉ 257:542; Páraic Conraoi (68), feirmeoir, Tigh Dachoinne, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Liam Mac Coisdealbha, Nollaig 1936.
- CBÉ 177:106; Muintir an Spidéil, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Mícheál Ó Riagáin, 1936.

Is as ceantar Chois Fharráige do **Phiaras Ó Droighneáin**. D'fhreastal sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar bhain sé céimeanna BA agus MA amach. Tar éis a thréimhse staidéir in OÉG chuaigh sé i mbun bailithe ina cheantar dúchais féin do Roinn an Bhéaloidis, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, mar chuid den tionscnamh taighde 'Béaloides na mBan' (féach 'Mám ón nGort', *BÉASCNA* 8). Ina dhiaidh sin chaith sé bliain go leith ag obair ar na tionscadail dhigiteacha *logainm.ie*, *ainm.ie*, *iate.europa.eu* agus *duchas.ie* le Fiontar, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ag feidhmiú faoi láthair mar Choimeádaí Digiteach in Acadamh na hOllscoile Gaeilge, Carna.